CÚRAM IMSHAOIL

Gníomhaíocht CI02

Téama
Gníomhaíocht ranga (GR). Bainfidh na daltaí leas as an leagan deiridh den léarscáil a ullmhaíodh sa 'Léarscáil taisce' (ECO1) le hard a tharraingt ar roinnt saincheisteanna imshaoil ina gceantar.

Cuspóirí
Ag cur feasacht áitiúil chun cinn, ag bailiú tuairimí ar shaincheisteanna a mbíonn imní fúthu ó thaobh caighdeáin saoil áitiúil agus ag forbairt scileanna anailísithe trína iarraidh ar na daltaí na saincheisteanna sin a aithint agus a mheasúnú ag baint leasa as na léarscáileanna.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht agus Tíreolaíocht – Feasacht agus cúram imshaoil

OSIE, Tíreolaíocht – Imshaoil dhaonna; Imshaoil nádúrtha

OSPS – Mé féin agus an domhan mór; Saoránacht a fhorbairt

Scileanna
Ag ceistiú, ag breathnú, ag iniúchadh, ag clárú agus ag anailísiú. Tuiscint d'áit agus do spás agus léarscáileanna, cruinneoga agus scileanna grafacha.

Am
20-30 nóiméad cur i láthair; 40 nóiméad le haghaidh gach gníomhaíocht léarscáilíochta

Nascadh le Scoileanna Glasa
Ag baint leasa as léarscáilíocht mar uirlis le smaoineamh ar shaincheisteanna imshaoil i gclós na scoile agus sa cheantar áitiúil.

X ar an spota

AG BAINT LEASA AS DO LÉARSCÁIL LE

CAD A THEASTÓIDH UAIT

- ''Léarscáil taisce' déanta sa ghníomhaíocht roimhe seo
- Páipéar
- Pinn luaidh

CAD A DHÉANFAIDH TÚ

1. Pioc léarscáil de chlós na scoile nó léarscáil de do cheantar féin mar a rinneadh sa ghníomhaíocht roimhe seo 'Léarscáil taisce' den mhodúl (CI01).
2. Déan tobsmaointeoireacht leis na daltaí maidir leis na saincheisteanna éagsúla a mbeadh spéis acu ann ina gceantar, ag úsáid topaicí b'fhéidir mar dhramhaíl, iompar agus an dúlra. Mar shampla, d'fhéadfadh gur bruscar, ganntanas boscaí bruscair, an áit a bhfuil boscaí athchúrsáilte agus boscaí múiríní leagtha cuid de na saincheisteanna a bhainfeadh le dramhaíl agus

CÚRAM iMSHAOiL

Gníomhaíocht CI02

ar leanúint →

mar sin de; d'fhéadfadh gur ganntanas crann nó damáiste a dhéantar do chrainn, ganntanas spás oscailte, easpa plandaí bláthanna, nó ganntanas gnáthóga don dúlra a bheadh sna saincheisteanna a bhainfeadh leis an dúlra. I gcás cúrsaí iompair, d'fhéadfá an áit a bhfuil bóithre gnóthacha a chur isteach, chomh maith le truailliú aeir agus torainn agus easpa áiteanna sábháilte le dhul trasna an bhóthair.

3 Roinn na daltaí i ngrúpaí, ag tabhairt cóip dóibh den léarscáil a bhí acu sa ghníomhaíocht roimhe seo.

4 Tabhair topaic do gach grúpa. Ba chóir do gach grúpa saincheisteanna imshaoil a mharcáil ar an léarscáil i gcás a dtopaicí féin.

5 Ba chóir don ghrúpa cinneadh a dhéanamh faoi na siombailí a bheidh acu don léarscáil. Tá sé tábhachtach go mbeadh gach siombail éasca agus nach léaráid shonraithe a bheadh ann den ábhar a bheidh i gceist. Ba chóir an léarscáil a úsáid le gnéithe atá ann cheana féin a léiriú, réimsí a bhfuil fadhbanna leo agus áiteanna eile ar mian leis an ngrúpa aird a tharraingt orthu nó a phlé.

6 A luaithe agus a bheidh a gcuid léarscáileanna comhlánaithe ag na grúpaí féadfaidh siad a gcuid oibre a mhíniú don chuid eile den rang.

7 D'fhéadfaí na léarscáileanna a chur ar taispeáint sa seomra ranga nó i ndorchlaí na scoile.

Ceisteanna

1 Cén topaic imshaoil is mó a thagann chun cinn arís agus arís eile? Cad chuige sin a gceapfá? Cad iad na topaicí eile a bhféadfadh spéis a bheith iontu i do cheantar?

Ar aghaidh leat

1 I ndiaidh an chleachtaidh léarscáilíochta b'fhéidir go mbeadh daltaí ag iarraidh grianghraif a ghlacadh de chuid de na háiteanna a bhfuil fadhbanna iontu a bhfuil tagairt déanta acu dóibh ar a gcuid léarscáileanna acu agus iad sin a léiriú lena gcuid léarscáileanna. B'fhéidir gur mhaith leo freisin na fadhbanna agus na saincheisteanna a chur i gcatagóirí de réir an chuid atá éasca a réiteach agus an chuid nach bhfuil (bheadh ceangal aige sin leis an gcéad ghníomhaíocht eile: C103, 'Réiteach a phleanáil')